

Ceistitheoir leictreach a dhéanamh

FEARAS	Cárta tanaí (calóga arbhar), cadhnra agus bolgán (1.5 V go dtí 3V) cró bholgáin, sreangáin, fáisceáin páipéir (na cinn práis), páipéar, siosúir, gliú nó Pritt.
ULLMHÚCHÁN	Bailigh an fearas
CÚLRA	Caithfidh ciorcad a bheith slán sula seolfaidh leictreachas. Tá an freagra ceart ceangailte taobh thiar den chairtchlár leis an cheist chuí; mar sin lasann an bolgán nuair a déantar teagmháil leis an bhfreagra ceart ar aghaidh an chairtchláir. Mura bhfuil an freagra ceart ní mbeidh an ciorcad slán agus ní lasfaidh an bolgán.
SCILEANNA	Ag láimhseáil earraí leictreacha Ag imscrúdú agus ag tástáil Ag déanamh
GNÍOMHAÍOCHT	Ceistitheoir leictreach a dhéanamh le bolgán chun an freagra ceart a thaispeáint. An bord 'ceisteach' a dhéanamh: Ar an taobh clé greamaigh píosaí páipéir a bhfuil na ceisteanna orthu (nó ainmneacha na gcontae, nó foirne peile nó cibé rud a shocraíonn na páistí), agus cuir na freagraí, measctha suas, ar dheis. Bíodh siad measctha i dtreo is go bhfuil an freagra mícheart in aice le gach ceist. Cuir fáiscín páipéir in aice le gach ceist is gach freagra. Iompaigh an cárta agus ceangail gach ceist leis an bhfreagra ceart le sreangán. Bí cinnte go bhfuil na ceangail go docht daingean. Ceangail an cadhnra le cró an bholgáin mar atá sa léaráid. Fág foircinn na sreangán seo saor agus nocht. An cluiche a imirt: Iarr ar do chara sreang a chur ar cheist agus an sreang eile a chur ar an bhfreagra a cheapann sé/sí atá ceart. Má tá an freagra ceart roghnaithe lasfaidh an bolgán ach má tá an freagra mícheart ní bheidh an ciorcad slán agus ní lasfaidh an bolgán.
SÁBHÁILTEACHT	Aire le sreangáin agus cadhnraí
LEATHNÚ	Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh agus dordánaí a bheith in áit an bholgáin (is ceart an sreang dhearg ar an dordánaí a bheith ceangailte le pol deimhneach (+) an cadhnra).

Ceistitheoir leictreach a dhéanamh

Aghaidh an chárta



Cúl an chárta

Ceangail gach tír lena príomhchathair leis na sreanga